




# Creidiúnaithe

A ndualgais agus a gceart



## Treoir thapa



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Réamhrá

Tháirgeamar an leabhrán eolais seo chun ról creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Céard is creidiúnaí ann?

Is ionann creidiúnaí cuideachta agus duine nó cuideachta a bhfuil airgead (nó fiacha de chineál éigin eile) ag dul dóibh ón gcuideachta. Go ginearálta, tá dhá chineál creidiúnaí ann: **urraithe** agus **neamhurraithe**.

## Creidiúnaithe urraithe

Is ionann creidiúnaithe urraithe ann agus iad siúd a bhfuil a bhfiach urraithe ar shócmhainní amháin nó níos mó de chuid na cuideachta, cosúil le maoin. Mar shampla, má fhaigheann cuideachta iasacht airgid ó bhanc nó ó institiúid airgeadais ar bith eile chun foirgneamh a cheannach, iarrfaidh an t-iasachtóir gníomhas teidil an fhoirgnimh mar urrús ar eagla nach mbeidh an chuideachta ábalta an iasacht a íoc ar ais ar an mbonn a comhaontaíodh.

## Creidiúnaithe neamhurraithe

Is ionann creidiúnaithe neamhurraithe agus iad siúd nach bhfuil a bhfiach urraithe ar aon sócmhainn de chuid na cuideachta. Mura mbíonn an chuideachta ábalta a fiacha uile a íoc, ní bhfaighidh creidiúnaithe neamhurraithe íocaíocht ach amháin má bhíonn cistí fágtha i ndiaidh íocaíocht a thabhairt do na creidiúnaithe urraithe.

## Cad iad dualgais creidiúnaithe?

Dualgas tábhachtach atá ag creidiúnaithe ná a leasanna féin a chosaint. Ar a laghad uair amháin sa bhliain ba chóir go sásódh creidiúnaithe iad féin go bhfuil cuideachtaí ábalta íoc as na hearraí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh. Mar shampla, is féidir le creidiúnaithe staid ghnóthaí cuideachta a sheiceáil trí bhreathnú ar na tuairisceáin bhliantúla

atá comhdaithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)) sula gcinneann siad an bhfuil siad ag iarraidh gnó a dhéanamh leis an gcuideachta sin. D'fhéadfadh seiceáil chreidmheasa rialta cailteanas airgeadais a chosc agus an gá a bheadh ar chreidiúnaithe breathnú ar chaingean dlí a ghlacadh mar chosaint ar a leasanna a sheachaint.

## Cad iad cumhachtaí creidiúnaithe?

### Leachtóir a cheapadh

Is éard is leachtóir ann ná duine a cheaptar chun cuideachta a fhoirceannadh.

Má mhaireann fiacha de €1,270 nó níos mó gan íoc trí seachtainí i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar íocaíocht i scríbhinn, is féidir le creidiúnaithe iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun an chuideachta a fhoirceannadh.

Is féidir le creidiúnaithe ceapachán leachtaitheóra ar chuideachta nach bhfuil ábalta a fiacha a íoc a dhaingniú má chinneann comhaltaí na cuideachta nach féidir léi leanúint de bheith i mbun gnó agus gur cheart í a fhoirceannadh go deonach.

Is féidir le creidiúnaithe gníomhú breise a dhéanamh chun airgead atá ag dul dóibh a fháil ar ais trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt, mar shampla, chun na stiúrthóirí a chur faoi dhliteanas go pearsanta i leith cuid nó iomlán fiacha na cuideachta.

### Glacadóir a cheapadh

Is ionann glacadóir agus duine a dhíolann sócmhainní cuideachta faoi leith thar ceann iasachtóra.

Mura n-íocann cuideachta creidiúnaithe urraithe, is féidir leis an gcreidiúnaí glacadóir a cheapadh faoi chomhaontú na hiasachta a bhaineann leis an bhfiach. Ina mhalairt de chás, is féidir leo iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun glacadóir a cheapadh.

## Scrúdaitheoir a cheapadh

Is ionann scrúdaitheoir agus duine a cheaptar chun féachaint ar inmharthanacht cuideachta (a cumas fanacht i mbun gnó). Má tá seans réasúnta ann gur féidir cuideachta atá i ndeacracht airgeadais a shábháil, is féidir le creidiúnaithe iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun scrúdaitheoir a cheapadh. Níl creidiúnaithe ábalta an t-airgead atá ag dul dóibh a fháil ar ais fad is a bhíonn an scrúdaitheoir ag ullmhú moltaí tarrthála.

## Breithiúnais

Nuair nach n-íocann cuideachta fiach, is féidir leis an gcreidiúnaí breithiúnas cúirte a lorg in éadan na cuideachta. A luaithe a dhaingnítear an breithiúnas, is féidir leis an gcreidiúnaí oifigeach poiblí (ar a dtugtar sirriam) a fhostú chun an fiach a fháil ar ais. Is féidir leis an gcreidiúnaí féachaint don bhreithniúnas a chlárú san Ard-Chúirt chomh maith. D'fhéadfadh an drochphoiblíocht a bhaineann lena leithéid de chlárú é a dhéanamh deacair don chuideachta creidmheas a fháil ó bhainc nó ó ghnóthais eile fad a mhaireann an fiach gan íoc.

## Cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe

Nuair nach féidir le cuideachta a fiacha a íoc ach nach bhfuil sí faoi leachtú, is féidir le creidiúnaithe corruair iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun:

- cuideachta ghaolmhar a ordú chun cur le sócmhainní na cuideachta dócmhainní;
- ordú a dhéanamh go ndéanfar sócmhainní cuideachta a thabhairt ar ais do chuideachta ar baineadh di go míchuí iad;
- an fhreagracht a chur ar stiúrthóir go pearsanta as fiach na cuideachta má tá siad ciontach as trádáil chalaoiseach nó mheargánta;
- an fhreagracht a chur ar stiúrthóir go pearsanta murar choinnigh an chuideachta leabhair chuí;

- measúnú a dhéanamh ar cad iad na damáistí ba cheart do stiúrthóir a íoc má tá éagóir déanta acu;
- oifigigh na cuideachta a cheistiú faoi mhionn faoi ghnó na cuideachta;
- iniúchadh a dhéanamh ar leabhair agus ar pháipéir na chuideachta; nó
- stiúrthóir, scáth-stiúrthóir rúnaí nó oifigeach eile na cuideachta a ghabháil agus a leabhair, páipéir agus maoin phearsanta eile a urghabháil.

## Cuideachta 'bainte de' a chur ar ais ar an gClár

Nuair a bhaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, cuirtear deireadh lena bheith mar chuideachta. Más mian le creidiúnaithe caingean dlí a ghlacadh in éadan na hiarchuideachta caithfidh siad í a chur ar ais ar an gclár ar dtús. Is féidir leo iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda chun ordú a fháil a ordaíonn go ndéantar é seo.

## Imscrúdú cuideachta

Is féidir le creidiúnaithe iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun cigire amháin nó níos mó a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar a gnóthaí agus tuairisc a thabhairt orthu.


## Mainneachtain ar dhlí cuideachtaí a leighis

Má theipeann ar chuideachta nó ar oifigeach ar bith dá cuid oibleagáid a chomhlíonadh faoin dlí cuideachtaí, féadfaidh creidiúnaí fógra a sheirbheáil ag iarraidh go leigheasfaí an mhainneachtain laistigh de 14 lá. Mura dtarlaíonn sé seo, is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun ordú a fháil a ordaíonn ar an duine a mhainneachtain a cheartú.

## Conclúid

Tá leabhair eolais níos mionsonraithe ar chreidiúnaithe cuideachta ar fáil faoin bhFógra Cinnidh D/2002/1 ó [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).





Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



**Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie